Coláiste Feirste

Samhain 2011

Maidir le: **córas iompair do dhaltaí Choláiste Feirste**

Cuidigí le bhur dtoil le cothromaíocht soláthair i gcóras iompair a bhaint amach do na Gaeil óga.

A thuismitheoir/a chaomhnóir

Tá tuismitheoirí Choláiste Feirste ag iarraidh socruithe córais iompair a fháil dá gcuid páistí le blianta fada. Táimid an-bhuíoch as a gcuid iarrachtaí díograiseacha, rud a spreag Bord na nGobharnóirí leis an cás a ghlacadh chun na hArdchúirte mar an t-aon dóigh le cothromaíocht soláthair a fháil dár gcuid daoine óga.

Cás ríshoiléir a bhí ann bunaithe ar an fhíric gur Coláiste Feirste an t-aon chatagóir scoile gan aon chineál córais iompair dá cuid daltaí. Tá iliomad busanna scoile ag gach catagóir eile, roinnt acu a thugann páistí thart le scoileanna eile sa chatagóir chéanna atá níos congaraí don bhaile. Rinne an Breitheamh Treacy taifead de seo agus shoiléirigh sé an stádas ar leith a tugadh don Ghaelscolaíocht i gComhaontú Aoine an Chéasta. Anois tá breith dhlíthiúil shoiléir i bhfeidhm a shoiléiríonn dualgas reachtach Roinn an Oideachais tacú le forbairt na Gaelscolaíochta. Is mithid anois an dualgas seo a úsáid ar leas ár ndaltaí agus bhur bpáistí.

Creidimid gur chóir spreagadh agus éascú a dhéanamh d'aon pháiste ar bhunscoil lánGhaeilge le freastal ar iarbhunscoil lánGhaeilge. Ar éirí linn sa chás seo, is mian linn cluinstin ó thuismitheoirí nó ó ábhar tuismitheoirí Choláiste Feirste a shíleann go mbeadh córas iompair chun na scoile ar leas a bpáistí. Bheimis buíoch dá dtiocfadh libh an fhoirm thíos a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chun na scoile.

Colma Mhic Aoidh
Bord Gobharnóirí Choláiste Feirste

Ainm an dalta: _____.

Blianghrúpa: _____.

Ceantar baile:
(m.sh. an Lag Mór, Gleann Ghormlaithe, Dún Pádraig, Aontroim, Croimghlinn, Baile Andarsan, an Trá Ghearr, Ard Eoin, Ceathrú Aoidh Dhuibh srl).

Tá mo pháiste sásta úsáid a bhaint as bus scoile dá mbeadh ceann ar fáil: Tá /Níl.

Teach Radharc Ard na bhFeá,
7 Páirc Radharc na bhFeá,
Béal Feirste BT12 7PY
Guthán 028 9032 0707 / Facs 028 9032 4301

Teach Radharc Ard na bhFeá,
7 Páirc Radharc na bhFeá,
Béal Feirste BT12 7PY
Guthán 028 9032 0707 / Facs 028 9032 4301